Oide

# Geilleagar an Taoschnó

Is coincheap é Geilleagar an Taoschnó a d'fhorbair an t-eacnamaí Kate Raworth. Cuireann sé creat nua ar fáil d'fhás eacnamaíoch a dhíríonn ar inbhuanaitheacht chomhshaoil agus shóisialta araon.

Léirítear an smaoineamh mar chruth "taoschnó". Léiríonn an ciorcal istigh na caighdeáin íosta atá ag teastáil le haghaidh dea-chaighdeán saoil (m.sh., rochtain ar bhia, cúram sláinte, oideachas, tithíocht, agus timpeallacht shábháilte).
Is ionann an ciorcal seachtrach agus na teorainneacha comhshaoil nár cheart dúinn a shárú chun damáiste ar an bpláinéad a chosc.

Buntáistí a bhaineann le geilleagar an taoschnó: Comhlíontar riachtanais gach duine agus iad ag fanacht laistigh de theorainneacha an phláinéid. Ciallaíonn sé sin go seachnaítear easnaimh (nuair a bhíonn riachtanais bhunúsacha bainte de dhaoine) agus sáruithe (nuair a dhéantar damáiste don chomhshaol trí theorainneacha pláinéadacha a shárú).

Aimhleasa gheilleagar an taoschnó: Is deacair fios a bheith agat go díreach cén uair a bhíonn muid ag fanacht laistigh de theorainneacha comhshaoil. Gan bealaí soiléire chun dul chun cinn a thomhas, is deacair a fháil amach an bhfuil sé á chur i bhfeidhm mar is ceart. Braitheann sé ar thíortha a bheith ag obair le chéile ar shaincheisteanna móra cosúil le hathrú aeráide agus éagothroime. Ach bíonn tosaíochtaí agus acmhainní difriúla ag tíortha éagsúla, agus is dúshlán nach beag é gach duine a bheith ag tarraingt le chéile agus ar comhthuiscint.




Foinsí: www.doughnuteconomics.org
https://doughnuteconomics.org/organisations-and-networks/irish-doughnut-economics-network

CC BY NC